



Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:

Beartas agus Straitéis maidir le
Téatar 2018

Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Bhí an téatar nó an amharclannaíocht lárnach do na healaíona riamh anall in Éirinn, bhí réabhlóid chultúrtha ann mar gheall ar an Amharclann Náisiúnta beagnach scór bliain sular bunaíodh Saorstát Éireann. Fágann raon cleachtóirí téatair bríomhar agus éagsúil gur leanadh den seasamh sainiúil atá ag amharclannaíocht na hÉireann ar an stáitse idirnáisiúnta, agus aitheantas ar leith á thabhairt don traidisiún láidir scríbhneoireacht drámaí.

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le léiriú téatair neamhthráchtála, gairmiúil in Éirinn. Féachann sí le tacaíocht a thabhairt do scoth na healaíne ó thaobh caighdeán an chleachtais agus an uailmhian. Aithníonn an Chomhairle Ealaíon an iliomad bealaí éagsúla ina n-oibríonn ealaíontóirí téatair, agus bíonn sé mar aidhm aici tacú le healaíontóirí ina bhféachtar ina gcuid oibre a bheith ag gabháil go stuama le lucht féachana ar fud na hÉireann agus níos faide ó bhaile trí thacú le cruthú, forbairt, léiriú agus scaipeadh an téatair.

Tacaíonn na struchtúir mhaoinithe le téatar i gcuid mhaith foirmeacha, idir théatar clasaiceach agus liteartha go dtí téatar turgnamhach agus comhaimseartha, agus aithnítear na bealaí éagsúla trína gcruthaítear agus trína léirítear léiriú téatair. Ní thugann an Chomhairle Ealaíon maoiniú do sheónna grinn ar do bhoinn, do théatar tráchtála nó do léiriúcháin téatair amaitéara, ach aithníonn sí an rannchuidiú luachmhar a thugann siad.

Déanann an Chomhairle Ealaíon infheistíochta i léiriú téatair go príomha trí [Maoiniú Straitéiseach](#), [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#) agus [Dámhachtain Tionscadail](#). Comhlánaítear na trí fhoinse mhóra sin le sraith sainscéimeanna saincheaptha agus raon tacaíochtaí d'ealaíontóirí aonair. Tacaíonn [Maoiniú Straitéiseach](#) leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun cúrsaí téatair a chothú agus a fhorbairt in Éirinn. Beidh caighdeán shaothar na n-eagraíochtaí sin ar fheabhas ar fad, beidh sé rannpháirteach chuig leibhéal suntasach le muintir na hÉireann, agus rannchuideoidh sé go suntasach le spriocanna [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#) a bhaint amach. Tacaíonn [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#) le fíis ealaíonta ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíne chun clár gníomhaíochtaí ealaíon den scoth a fhorbairt thar thréimhse ama sainithe. Leanfaidh [Dámhachtain Tionscadail](#) ag tairiscint tacaíochta ar bhonn aonuaire d'ealaíontóirí agus do chompántais nua agus bunaithe.

Ina theannta sin, tá cion suntasach de bhuiséad na Scéime Camchuartha, agus an maoiniú d'Ionaid Tionóil na n-ealaíon ildisciplíneach, Féilte, Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas, agus Rannpháirtíocht sna hEalaíona, tiomnaithe do chruthú téatair.

Sainaitníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*: [an t-ealaíontóir](#) agus [rannpháirtíocht an phobail](#). D'fhonn na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil i dtéatar, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a leanas sna trí bliana seo romhainn.

Ealaíontóirí Téatair

Tá spéis ag an gComhairle Ealaíon thar aon ní eile tacú le healaíontóirí téatair ag gach céim dá ngairmeacha beatha chun saothar den scoth a chruthú a théann i bhfeidhm go forleathan agus go domhain ar an bpobal agus a chothaíonn luach na n-ealaíon i gcroílár shaol na hÉireann.

Déanann an Chomhairle Ealaíon é sin trí thacú le forbairt, léiriú agus scaipeadh an téatair trí raon sásraí maoinithe. In éineacht lena chinntiú go dtairgeann an Téatar Náisiúnta agus eagraíochtaí eile atá maoinithe go straitéiseach deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán agus tacaíocht d'ealaíontóirí Éireannacha, féachann an Chomhairle Ealaíon le tacaíocht a thabhairt do smaointe uaimhianacha agus nuálacha a rannchuidíonn le forbairt fhoriomlán cumais san earnáil.

Tugann an Chomhairle Ealaíon deis freisin d'ealaíontóirí a gcleachtas a fhorbairt trí thacaíochtaí aonair d'ealaíontóirí cosúil le [cónaitheachtaí](#), [sparánachtaí](#), agus dámhachtainí [taistil agus oiliúna](#). Ina theannta sin, tacaíonn an [Dámhachtain – Gairmeacha Oscailte](#) le saothar eisceachtúil ar scála.

Anuas air sin, tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le cur i láthair téatair i gcomhpháirtíocht le hionaid agus féilte ealaíon ildisciplíneach.

Maoiníonn an Chomhairle Ealaíon eagraíochtaí acmhainne freisin a phléann go sonrach le téatar agus nithe a bhaineann leis an téatar, a bhfuil sé mar sainchúram orthu oiliúint, seirbhísí agus faisnéis a chur ar fáil d'ealaíontóirí dírithe ar chleachtais gairmiúla ealaíon agus gnó a chur chun cinn.

Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d'ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Feabhsóidh sí deiseanna d'ealaíontóirí trí chomhpháirtíochtaí níos éagsúla a chur chun cinn. Spreagfar earnáil an téatair trí scéimeanna saincheaptha a thabhairt isteach chun an bonneagar a neartú trí dheiseanna meantóireachta, comhléirithe, cur i láthair comhpháirteach agus coimeádaíocht chomhpháirteach a lorg, lena chinntiú go mbainfidh tuilleadh saothair a chumas ealaíonta agus go dtéann sé i gcionn ar níos mó dá phobal ar fud na hÉireann agus níos faide ó bhaile.
- Feabhsóidh sí tacaíochtaí reatha d'ealaíontóirí aonair ag gach céim dá ngairmeacha, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar sparánachtaí ilbhliantúla agus ar scéim nua meantóireachta chun leibhéal tacaíochta níos mó a sholáthar ó shaineolaithe.
- Leanfaidh sí ag obair leis an earnáil chun an timpeallacht oibre agus gairmiúlacht na n-ealaíontóirí in Éirinn a fheabhsú trí chuidiú leis an earnáil beartais láidre a leagan síos maidir le comhionannas inscne agus éagsúlachta, agus trí fhaisnéis a scaipeadh ar fud na hearnála chun an dea-chleachtas a chur chun cinn.

Rannpháirtíocht an Phobail agus Téatar

Dar leis an tuarascáil *The Arts in Irish Life*, fágann an céatadán den daonra a fhreastalaíonn ar an téatar go bhfuil sé ar cheann de na foirmeacha ealaíne is mó freastail sa tír.¹

Bíonn earnáil téatair faoi bhláth ag brath ar a lucht féachana a leathnú agus a éagsúlú. Déanann sé é sin tríd an tairiscint ar rannpháirtíocht níos doimhne agus níos dúshlánaí a fhás agus a éagsúlú. Ábhar tosaíochta don Chomhairle Ealaíon is ea dul i ngleic leis an tsaincheist seo ar bhealach eolasach agus dinimiciúil.

Déanfar straitéisí maidir le rannpháirtíocht an phobail a leabú níos daingne i gcomhaontuithe maoinithe de réir mar a dhéanfar dul chun cinn le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*. Oibreoidh an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirt le healaíontóirí aonair agus le compántais atá ag fáil maoiniú, ach oibreoidh sí le húdaráis áitiúla, le hionaid tionóil, féilte agus eagraíochtaí acmhainne freisin chun tuiscint níos grinne a chruthú den raon feidhme agus den chumas atá straitéisí daingne ar rannpháirtíocht an phobail in ann a thabhairt chuig an earnáil.

Tá ról thábhachtacha ag áit agus ag comhpháirtíocht ó thaobh úinéireacht a chothú maidir leis na healaíona laistigh de phobail ar leith. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle Ealaíon an tábhacht atá le straitéisí fianaise-bhunaithe, lena n-áirítear úsáid níos fearr a bhaint as bailiú sonraí cuimsitheacha ar lucht féachana. Trí chur ar chumas na hearnála cinní eolasacha, dána agus cruthaitheacha a dhéanamh, ní hamháin go gcinnteoidh an Chomhairle go bhfásfaidh lucht féachana an téatair agus go mbeidh sé éagsúil ach spreagfar chomh maith leis sin rannpháirtíocht mhéadaithe agus rachfar i ngleic leis an bhfoirm ealaíne ar bhealach níos daingne.

Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Cruthóidh sí sainmhínte agus cuspóirí soiléire, atá sonrach don téatar agus ar aon líne le *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, chun cur ar chumas gach ealaíontóir téatair straitéisí ábhartha agus indéanta maidir le rannpháirtíocht an phobail a chruthú.
- Ag brath ar an méid maoinithe a bhronnfar, beidh straitéisí dinimiciúla maidir le rannpháirtíocht an phobail ag teastáil uainn ó fhaighteoirí ár gcuid dámhachtainí, rud a leagfaidh síos samplaí den scoth agus den cheannaireacht ar fud na hearnála.
- Tacóidh sí leis an earnáil an lucht féachana téatair a fhás agus a éagsúlú ach freisin chun rannpháirtíocht níos mó agus teagmháil níos doimhne a spreagadh, lena n-áirítear le daoine óga agus leanaí.
- Spreagfaidh sí comhléiriú níos mó, mar aon le cur i láthair comhpháirteach agus comhpháirtíocht ionas go mbeifear in ann éagsúlacht níos leithne de sheánraí téatair a chur ar fáil de shíor do lucht féachana ar fud na tíre, go háirithe lasmuigh de thréimhsí féilte.
- Oibreoidh sí leis an earnáil téatair agus leis an bpobal chun tacaíocht do na healaíona a chur chun cinn. Trí aitheantas a thabhairt don líonra mór cleachtas dheonaigh agus grúpaí drámaíochta amaitéaraigh ar fud na

¹ Kantar Media, *The Arts In Irish Life*, leathanach 8, tábla 2.1, Freastal ar Imeachtaí Ealaíon le Bliain Anuas.

tíre agus trí oibriú leo, féachfaidh sé le dhul i dteagmháil agus a bheith rannpháirteach leis an bhfoirm ealaíne ar fud na tíre.

Réimsí Forbartha atá Sonrach don Téatar

Fágann athruithe déimeagrafacha, acmhainní srianta agus athrú ar mhodhanna léiriúcháin go dteastaíonn athchalabrá a dhéanamh ar thacaíochtaí ionas go mbeidh téatar in ann fás agus forbairt i gceart in Éirinn.

Rud atá go háirithe ábhartha don téatar is ea an bhearna aitheanta i dtacaíochtaí léirithe ar ardchaighdeán. D'éirigh le hionaid tionóil, roinnt compántais téatair agus roinnt scéimeanna téatair go dtí seo pócaí tacaíochtaí roinnt-acmhainní agus gníomhaíochtaí forbartha téatair a chruthú. Chun tacú le seachadadh an chreata nua maoinithe, is caoithiúil anois meastóireacht a dhéanamh ar na scéimeanna sin lena chinntiú go mbeidh tacaíochtaí láidre ar fáil le haghaidh fás inbhuanaithe na hearnála.

Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Forbróidh sí cumas san earnáil oibriú go leanúnach chuig caighdeán dea-chleachtais féinshainithe trí thabhairt faoi mheastóireacht ar shonraí agus ar fhaisnéis a fuarthas tríd an bpróiseas tuairiscithe reatha. Díreofar san anailís ar dhámhachtainí agus scéimeanna nach bhfuil athfhillteach.
- Le bonn eolais ón méid thuas, agus tar éis dul i gcomhairle le faighteoirí scéimeanna agus le speisialtóirí san earnáil, tabharfaidh sí faoi threoirthionscadal de shamhail dea-chleachtais chun tacú le healaíontóirí chun a saothar a fhorbairt, a léiriú agus a scaipeadh.
- Beidh aird ar leith aici ar fhorbairt saothair nua agus ar na tacaíochtaí a thairgfear do drámadóirí.
- Spreagfaidh sí agus dearfaidh sí modhanna printíseachta, meantóireachta agus ceannaireachta cultúrtha chun go mbeifear in ann an scoth a bhaint amach i gcleachtas cruthaitheach, ealaíonta agus teicniúil.

Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag Téatar

Sa réimse a bhaineann le spás agus déimeagrafaic, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Oibreoidh sí le comhpháirtithe straitéiseacha chun líonra tionscnamh a chruthú a aimseoidh na hacmhainní infheistithe is fearr chun comhoibriú a dhéanamh, agus raon saothair níos éagsúla a chomhléiriú agus a chur i láthair go comhpháirteach ar fud na tíre.
- Beidh sí i gceannas ar struchtúir nua maoinithe solúbtha don dream a fhreastalaíonn níos rialta agus soláthróidh sí saothar téatair den scoth, a mbeidh fairsinge agus fíis ag baint leis, agus a bheidh ar scála níos mó, ar fud na hÉireann.

- Oibreoidh sí lenár gcomhpháirtithe chun tionscnaimh daoine agus áiteanna a fhorbairt a chruthóidh pobal dílis a mbeidh meas acu ar an soláthar ealaíon ina gceantar áitiúil agus a mbeidh luí acu leis.
- Forbróidh sí tionscnaimh thacúla chun an earnáil dheonach agus amaitéarach a aithint agus idirghníomhú leo i dtreo comhspríoc oibriú ar son an téatair agus na n-ealaíon tríd is tríd.

Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas (DÓLO), déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Oibreoidh sí i ndlúthchomhar leis an bhfoireann DÓLO agus leo siúd a bheidh ag obair i réimse an téatair do lucht féachana óg chun beartas bríomhar a fhorbairt maidir le téatar do DÓLO lena chinntiú go mbainfear amach raon iomlán an tiomantais a rinneadh in *Saothar Ealaíne Iontacha a Tháirgeadh*.
- Oibreoidh sí i ndlúthchomhar leis an bhfoireann DÓLO lena chinntiú go dtugtar tacaíocht do chleachtóirí téatair atá dírithe ar DÓLO agus do chleachtóirí téatair atá ag beartú tabhairt faoi shaothar do lucht féachana óg chun an scoth a bhaint amach i gcleachtas ealaíonta agus gnó, lena n-áirítear comhlíonadh i dtaca le cosaint leanaí.

Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:

- Oibreoidh sí leis an bhfoireann idirnáisiúnta chun beartas a fhorbairt ina n-aithnítear agus ina dtacaítear le healaíontóirí agus le compántais Éireannacha a léiríonn agus a scaipeann saothar ar bhonn idirnáisiúnta. Beifear in ann leis an mbeartas freisin comhléiriú agus scaipeadh shaothar na hÉireann a dhéanamh go hidirnáisiúnta ar bhealach níos bisiúla agus níos forleithne.
- Spreagfaidh sí malartú agus meantóireacht cleachtais ar bhonn idirnáisiúnta.